



Financial Guideline P15 - 2017/2018

PAYE Modernisation – Revenue Letters and Events Update

In recent weeks, Revenue has written to all schools to inform them about the PAYE real-time reporting regime which will come into effect from 1 January 2019.

Revenue will be holding regional updates on PAYE Modernisation from September that anyone looking for more information can attend by registering.

[Click here to register your interest](#) in attending an update.

Revenue will be carrying out a range of activities over the coming months in preparation for the new regime. Revenue will be writing to some schools about “profile interviews”, “compliance queries” and “customer service visits”. Revenue has said that the nature of the visit or intervention will be clear from the correspondence.

We can also expect to see draft PAYE Regulations in the coming months. We will keep schools updated on important developments as they arise.

As stated in a prior guideline,

All schools that employ people not directly employed by the Department of Education & Skills (i.e. Caretakers, Secretaries, Cleaners, etc.) should have either:

- a computerised payroll system in place.

OR

- engage the services of a bookkeeper/accountant that will be able to provide a payroll support function that is compliant with PAYE Modernisation.

If you need any further information, please email primary@fssu.ie or phone 01 910 4020

Financial Support Services Unit



Treoir Airgeadais P15 - 2017/2018

Nua-Aoisiú an Chórais ÍMAT - Litreacha ó na Coimisinéirí Ioncaim agus an Scéala is Déanaí faoi Sheimineáir

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim litir amach chuig na scoileanna uile ar na mallaibh le hiad a chur ar an eolas faoin réimeas nua tuairiscithe fíorama ÍMAT, a thiocfaidh i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2019.

Beidh na Coimisinéirí ag eagrú seimineáir réigiúnacha maidir le Nua-Aoisiú an Chórais ÍMAT ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh, agus beidh aon duine a bhfuil tuilleadh eolais ag teastáil uaidh nó uaithe in ann clárú le freastal ar cheann acu.

[Clliceáil anseo lena chur in iúl gur mian leat](#) freastal ar sheimineár

Beidh na Coimisinéirí Ioncaim ag déanamh réimse beart sna míonna amach romhainn le hullmhú don réimeas nua. Cuirfidh siad litir chuig scoileanna áirithe maidir le “hagallaimh phróifíle”, “ceisteanna comhlíonta” agus “cuairteanna seirbhíse do chustaiméirí”. Tá curtha in iúl ag na Coimisinéirí Ioncaim go mbeidh nádúr na cuairte nó na hidirghabhála soiléir ón gcomhfhreagras.

Táimid ag súil chomh maith go n-eiseofar Dréacht-Rialúcháin ÍMAT i gceann cúpla mí. Coinneoidimid scoileanna ar an eolas faoin scéala is déanaí.

Mar a luadh i dtreoir a eisíodh roimhe seo,

Ní mór do na scoileanna go léir a fhostaíonn daoine nach bhfuil fostaithe go díreach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (.i. Feighlithe, Rúnaithe, Glantóirí, srl.):

- córas ríomhairithe párolla a bheith i bhfeidhm acu.

NÓ

- seirbhísí leabharchoimeádaí/cuntasóra a fháil, a bheidh in ann feidhm tacaíochta párolla a chur ar fáil a chomhlíonann riachtanais an Chórais Nua-Aoisithe ÍMAT.

Má bhíonn tuilleadh eolais uait, cuir r-phost chuig primary@fssu.ie nó cuir glao ar 01 910 4020

An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU)